



An Bhruiséil, 5 Nollaig 2023
(OR. en)

16375/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0172(COD)**

**TRANS 576
MAR 160
OMI 87
IA 347
CODEC 2397**

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 15953/23

roimhe seo:

Uimh. an doic. ón 10103/23

gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh

– *Cur chuige ginearálta*

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an *cur chuige ginearálta* ón gComhairle maidir leis an togra thuasluaite a ghlac an Chomhairle ag an 3991^ú cruinniú dá cuid an 4 Nollaig 2023.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart sábháilteacht loingseoireacht an Aontais agus na saoránach a úsáideann í agus cosaint an chomhshaoil a áirithiú i gcónaí.

¹ IO C., lch. .

² IO C., lch. .

- (2) Faoi fhorálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1982 maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) agus na gCoinbhinsiún arb í an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) an stór ina leith, tá na Stáit atá ina bpáirtithe sna hionstraimí sin freagrach as dlíthe agus rialacháin a ghlacadh agus as gach beart eile a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun éifeacht a thabhairt do na hionstraimí sin lena áirithiú, ó thaobh shábháilteacht daoine ar muir agus chosaint na muirthimpeallachta de go bhfuil long oiriúnach don tseirbhís dá bhfuil sí ceaptha.
- (3) Chun éifeachtacht Choinbhinsiún IMO san Aontas a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit uile na bearta is gá a dhéanamh chun na hoibleagáidí a leagtar síos sna coinbhinsiúin sin a chomhlíonadh maidir le longa a bhfuil a mbratach ar foluain orthu. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a gcuid oibleagáidí mar Stáit bhrataí a chomhlíonadh go héifeachtach agus go comhsheasmhach i gcomhréir le Rún IMO A.1070(28) maidir le Cód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (CÓD III), arna ghlacadh an 4 Nollaig 2013, ina bhfuil na forálacha éigeantacha atá le cur chun feidhme ag Stáit bhrataí.
- (3a) Gan dochar do na forálacha a bhaineann le *force majeure* a leagtar síos i gCoinbhinsiún IMO, i gcás géarchéimeanna a d'fhéadfadh sláine fhisiciúil an phearsanra atá freagrach as suirbhéanna, cigireachtaí, iniúchtaí agus fíoruithe a dhéanamh a chur i mbaol, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann srianta ar na gníomhaíochtaí sin a thabhairt isteach, agus ag an am céanna ligean do longa leanúint de bheith ag oibriú.
- (3b) Tagraíonn na hionstraimí idirnáisiúnta seo a leanas ina leaganacha is déanaí do chur i bhfeidhm Chód III: an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir. 1974; an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, 1973, mar a modhnaíodh le Prótacal 1978 a bhaineann leis sin; Prótacal 1997 lena leasaítear an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, 1973, mar a modhnaíodh le Prótacal 1978 a bhaineann leis sin; an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caihdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978; an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Ualachlínte, 1966, agus Prótacal 1988 a bhaineann leis sin; an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Tonnáiste Long a Thomhas, 1969; an Coinbhinsiún ar na Rialacháin Idirnáisiúnta chun Imbhualadh ar Muir a Chosc, 1972.

- (3c) Is iad suirbhéirí Stáit brataí na suirbhéirí sin atá údaraithe ag údaráis inniúla na mBallstát chun suirbhéireacht a dhéanamh ar longa agus iad a dheimhniú. Féadfaidh pearsanra eile cúnamh a thabhairt don phearsanra sin, mar shampla iad siúd a dhéanann cigireacht ar shuiteálacha raidió. Níor cheart, áfach, go n-áireofaí ar an bpearsanra sin teicneoirí a bhfuil baint acu le seirbhísiú fearas tarrthála ná suirbhéirí nach bhfuil baint dhíreach acu le suirbhé ar an loingeas trádála.
- (3d) Luaitear i Roinn 22 de Chód III gur cheart do Stát brataí gach beart is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh longa atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain agus eintitis agus daoine atá faoina dhlínse rialacha agus caighdeáin idirnáisiúnta chun a áirithiú go gcomhlíonfar a oibleagáidí idirnáisiúnta. Go háirithe, tagraítear i roinn 22.2 do chigireachtaí lena fhíorú go bhfuil bail iarbhír na loinge agus a foireann i gcomhréir leis na deimhnithe a ghabhann léi. Ba cheart do na Ballstáit tréimhsiúlacht na gcigireachtaí sin a bhunú trí chur chuige rioscabhunaithe a úsáid nó trína nósanna imeachta agus treoracha féin a úsáid, lena n-áirítear critéir chainníochtúla nó cháilíochtúla. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis na cigireachtaí ar Stáit bhrataí dá dtagraítear sa Treoir seo a áirithiú go gcomhlíonfar Cód III seachas reachtaíocht an Aontais a eascraíonn as Coinbhinsiúin IMO.
- (4) Ós rud é gur cúlghaireadh Rún A. 948 (23) le Rún IMO A. 1156(32), ba cheart do na Ballstáit ceanglais chomhchuibhithe a chur i bhfeidhm, maidir leis na longa a bhfuil a mbratach ar foluain acu, maidir le deimhniú agus suirbhéir a dhéanann an Stát brataí mar a leagtar síos sna nósanna imeachta agus treoirlínte ábhartha atá i gceangal le Rún IMO A. 1156(32) maidir le treoirlínte suirbhé faoin gcóras comhchuibhithe suirbhéanna agus deimhniúcháin. Ba cheart na hiarscríbhinní a ghabhann leis na treoirlínte suirbhé a leanúint a mhéid is gá de réir na suirbhéirí Stáit brataí.
- (5) Ar an leibhéal idirnáisiúnta, is ar an Stát brataí atá an fhreagracht tionóiscí muirí a imscrúdú, agus ar leibhéal an Aontais rialaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí muirí, mar shampla neamhspleáchas na gcomhlachtaí imscrúdaitheacha sna Ballstáit, le Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³. Níor cheart go ndéanfaidh an Treoir seo difear do Threoir 2009/18/CE.
- (6) (scriosta)

³ Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena mbunaítear na prionsabail bhunúsacha a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí san earnáil iompair mhuirí agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 28.5.2009, lch. 114).

- (7) Ba cheart riaracháin na mBallstát a bheith ábalta brath ar acmhainní leordhóthanacha, chun a n-oibleagáidí Stáit brataí a chur chun feidhme, i gcomhréir le méid agus cineál a gcabhlaigh agus bunaithe ar cheanglais ábhartha IMO. Ba cheart íoschritéir agus spriocanna cigireachta a bhaineann leis na hacmhainní sin a bhunú ar bhonn thaithí phraiticiúil na mBallstát, lena n-áirítear úsáid cigirí neamh-eisiacha, i gcomhréir le Cód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (A.1070(28)) (Cód IMO III).
- (7a) Gan dochar don reachtaíocht náisiúnta ábhartha, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do shuirbhéirí agus cigirí an Stáit brataí a oibríonn go heisiach d'údarás inniúil Ballstáit obair eile a dhéanamh, mar shampla gníomhaíochtaí eolaíocha nó acadúla, ar choinníoll nach n-eascraíonn coinbhleacht leasa as ná nach gcuireann sí bac ar a neamhspleáchas.
- (8) (scriosta)
- (9) (scriosta)
- (10) (scriosta)
- (11) Trí bhunachar sonraí a bhunú agus a fhorbairt lena soláthraítear faisnéis bhunriachtanach i bhformáid leictreonach ar longa a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu agus lena n-áirithítear go bhféadfar deimhnithe leictreonacha a eisiúint, ba cheart go gcuideofaí le malartú feabhsaithe faisnéise idir na Ballstáit. Dá ndéanfaí bunachar sonraí coiteann aonfhoirmeach a fhorbairt chun deimhnithe leictreonacha a eisiúint, lena n-áirítear na huirlisí chun bailíocht na ndeimhnithe sin a sheiceáil, b'fhusa dul chun cinn follasach a dhéanamh leis an digitiú muirí laistigh den Aontas, agus ranncuideofaí leis an dul chun cinn sin. Thacódh sé le riachtanais oibríochtúla a ghníomhaithe, go háirithe na Ballstáit sin nach raibh in ann a gcórais féin a fhorbairt le haghaidh deimhnithe leictreonacha, agus chabhródh sé freisin le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as na hacmhainní teoranta atá ar fáil.
- (12) Chun críocha faireacháin, ní mór a mholadh go mbeadh faisnéis bhunriachtanach, mar shampla sonraí na loinge, úinéir cláraithe agus sonraí a bhaineann le deimhnithe na loinge ar fáil do na húdaráis uile lena mbaineann agus don Choimisiún.

- (13) Ba cheart do na Ballstáit leanúint orthu ag léiriú go bhfuil ionstraimí éigeantacha IMO á gcomhlíonadh acu, mar a cheanglaítear, le Rún A 1067(28), ina leagan cothrom le dáta, maidir leis an gcreat agus na nósanna imeachta le haghaidh Scéim Iniúcháireachta Ballstát IMO, a ghlac Tionól IMO an 4 Nollaig 2013.
- (14) (scriosta)
- (15) Chun tuilleadh feabhais a chur ar cháilíocht na long faoi bhratach agus cothroime iomaíochta idir riaracháin mhuirí na mBallstát a áirithiú, ba cheart deimhniúchán cáilíochta um nósanna imeachta riaracháin, a áirítear sa chóras bainistithe cáilíochta i gcomhréir le ISO nó caighdeáin choibhéiseacha, codanna oibríochtúla an riaracháin mhuirí a chumhdach ar chodanna iad a bhaineann le suirbhéireacht, cigireacht, iniúchadh, fíorú agus deimhniú atá faoi fhreagracht an Bhallstáit mar Stát brataí. Thairis sin, ba cheart na gníomhaíochtaí ábhartha uile a shoiléiriú, lena n-áirítear freagrachtaí, údarás, idirchaidreamh agus modhanna tuairiscithe agus cumarsáide gach pearsanra Stáit brataí a dhéanann suirbhéanna nó cigireachtaí nó a bhfuil baint acu le suirbhéanna nó cigireachtaí, mar aon le pearsanra eile a chabhraíonn le feidhmiú na gcigireachtaí, nach bhfuil i bhfostaíocht eisiach údarás inniúil an Bhallstáit, agus a fhéadfaidh cúnaimh a thabhairt agus cigireachtaí, seachas cigireachtaí reachtacha nó cigireachtaí Stáit brataí, á ndéanamh. Ba cheart a áirithiú leis an gcóras bainistithe cáilíochta gur cheart go gcomhlíonfadh na cúraimí a shanntar d’eagraíochtaí aitheanta faoi raon feidhme na Treorach seo treoracha an Stáit brataí, agus ba cheart na bearta rialaithe is gá ina leith sin a bheith san áireamh ann. Chun a neamhspleáchas a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun coibhleachtaí leasa an phearsanra lena mbaineann a chosc maidir leis an obair atá le déanamh acu.
- (16) (scriosta)
- (17) (scriosta)
- (18) (scriosta)
- (19) (scriosta)

- (20) Ba cheart na bearta is gá a ghlacadh chun an Treoir seo maidir le bunachar sonraí faisnéise loinge a chur chun feidhme. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Treoir/2009/21/CE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴.
- (20a) Ba cheart don Choimisiún féachaint an bhféadfaí fóram a bhunú do shaineolaithe ó na Ballstáit a dhéileálann le cúrsaí a bhaineann leis an Stát brataí, chomh maith le páirtithe leasmhara eile, nuair is gá, chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú go rialta agus chun treoir a fhorbairt maidir le saincheistanna mar shampla na nósanna imeachta le haghaidh cigireachtaí loinge, acmhainní oiliúna do chigirí, critéir rioscabhunaithe is féidir a úsáid chun éifeachtacht na gcigireachtaí a fheabhsú, forbairt fhéideartha scéime feidhmíochta comhchuibhithe comhchoitinne, critéir chun anailís a dhéanamh ar fheidhmíocht an Stáit brataí d'fhonn na dea-chleachtais agus aon ghné eile atá ábhartha do chur chun feidhme na Treorach seo a shainaithint.
- (20b) Ionas nach gcuirfear ualach díréireach riaracháin ar Bhallstáit thalamhiata nach bhfuil longa acu a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, níor cheart oibleagáid a bheith ar na Ballstáit sin an Treoir seo a thrasú ná a chur chun feidhme, fad atá an coinníoll sin á chomhlíonadh.
- (21) (scriosta)
- (22) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon sábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus truailliú ó longa a chosc, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge nó a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(23) Ba cheart Treoir 2009/21/CE a leasú, dá bhrí sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2009/21/CE

Leasaítear Treoir 2009/21/CE mar a leanas:

(-1) in Airteagal 1(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

- ‘(a) a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit a bhfreagrachtaí agus a n-oibleagáidí mar Stát brataí a chomhlíonadh go héifeachtach agus go comhsheasmhach; agus
- (b) sábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus truailliú a chosc ó longa a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu.’;

(0) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

‘Airteagal 2

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le riarachán an Stáit a bhfuil a bhratach ar foluain ag an long, le haghaidh longa atá faoi réir deimhniúcháin agus atá i mbun turais idirnáisiúnta.’;

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

- ‘(a) ciallaíonn ‘long’ nó ártach a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu a thagann faoi raon feidhme Choinbhinsiúin ábhartha IMO faoi raon feidhme Chód III, agus a n-éilítear deimhniú ina leith.’

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) Ciallaíonn ‘iniúchadh IMO’ iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le forálacha Rún A 1067(28) (Creat agus Nósanna Imeachta maidir le hIniúchadh Ballstát IMO), ina leagan cothrom le dáta, arna ghlacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO);’

(b) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(f) ciallaíonn ‘coinbhinsiúin’ na Coinbhinsiúin, mar aon leis na Prótacail a ghabhann leo agus na leasuithe orthu lena ndéantar úsáid Chód III éigeantach, agus na cóid stádais éigeantaigh a bhaineann leo, ina leagan cothrom le dáta;

(g) ciallaíonn ‘Cód III’ Rún A.1070 (28) (Cód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO), arna ghlacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO)), Cuid 2, cé is moite de mhíreanna 16, 18, 19, 20, 21, 29, 30, 31, 32, 34, 38, 39, 40 agus 41 de ina leagan cothrom le dáta;

(h) ciallaíonn ‘suirbhéir Stáit brataí’ fostaí de chuid na hearnála poiblí, a bhfuil údarú cuí aige nó aici ó údarás inniúil Ballstáit, agus a oibríonn go heisiach dó, atá freagrach as suirbhéanna nó as suirbhéanna, fíoruithe agus iniúchtaí a dhéanamh ar longa nó cuideachtaí a chumhdaítear leis na hionstraimí idirnáisiúnta éigeantacha ábhartha: agus a chomhlíonann an ceanglas maidir le neamhspleáchas a leagtar síos in Airteagal 8(1);

(i) ciallaíonn ‘cigire Stáit brataí’:

(i) fostaí de chuid na hearnála poiblí, atá ag obair go heisiach d’údarás inniúil Ballstáit agus údaraithe go cuí aige; nó

(ii) duine nach bhfuil fostaithe go heisiach agus údaraithe go cuí ag údarás inniúil Ballstáit, ar bhonn *ad hoc* nó i staid chonarhach le húdarás inniúil an Bhallstáit,

a fhéadfaidh cigireachtaí Stáit brataí a dhéanamh agus a chomhlíonann na ceanglais maidir le cáilíocht agus neamhspleáchas a leagtar síos in Airteagal 8(1);

- (j) ciallaíonn ‘pearsanra eile a chuidíonn le suirbhéanna a dhéanamh’ daoine arna n-údarú go cuí ag údarás inniúil an Bhallstáit nó ag eagraíocht aitheanta atá ag gníomhú thar a cheann, agus a fhéadfaidh cúnaimh a thabhairt do shuirbhéirí Stáit brataí agus suirbhéanna á ndéanamh acu, mar a shonraíonn an t-údarás inniúil, agus a chomhlíonann na critéir maidir le cumarsáid, cáilíocht agus neamhspleáchas a leagtar síos in Airteagal 8(1);
- (k) ciallaíonn ‘cigireacht Stáit brataí’ cigireacht nach mbeidh deimhniúchán mar thoradh uirthi, arna déanamh le bail iarbhír na loinge agus a foireann a fhíorú, i gcomhréir leis na deimhnithe a iompraítear uirthi; nuair nach ndéanfar an chigireacht ar bord, áiritheoidh sé an leibhéal céanna sábháilteachta agus dearbhaithe agus a áirithítear le cigireachtaí ar an láthair;
- (j) ciallaíonn ‘HSSC’ Rún A. 1156(32) (Treoirlínte Suirbhé faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe), 2021, ina leagan cothrom le dáta, arna ghlacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO);’;

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Sula gceadófar do long, ar deonaíodh an ceart di a bratach a chur ar foluain, oibriú, glacfaidh an Ballstát lena mbaineann na bearta a mheasann sé a bheith iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an long i dtrácht na rialacha agus na rialacháin idirnáisiúnta is infheidhme. Féadfaidh eagraíocht aitheanta, ag gníomhú di thar ceann an Bhallstáit, na bearta sin a dhéanamh nuair a bheidh siad údaráithe go cuí ag an údarás inniúil. Go háirithe, fíoróidh sé taifid sábháilteachta na loinge agus úsáid á baint aige, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, as na tuarascálacha cigireachta agus na deimhnithe atá ina bhunachar sonraí féin nó, de réir mar is infheidhme, atá sa bhunachar sonraí faisnéise loinge dá dtagraítear in Airteagal 6a do na Ballstáit a roghnaigh í. Rachaidh sé i gcomhairle, más gá, leis an Stát brataí cailteach chun a shuí an bhfuil aon easnaimh nó saincheisteanna sábháilteachta arna sainaitheint ag an Stát sin fós gan réiteach.’;

(3) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

'Airteagal 4a

Sábháilteacht long faoi bhratach Ballstáit

1. Maidir le loingseoireacht idirnáisiúnta, cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm ina n-iomláine na forálacha éigeantacha a bhaineann leis an Stát brataí a leagtar síos sna Coinbhinsiúin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos iontu, agus i ndáil leis na longa dá dtagraítear iontu.
2. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá lena áirithiú go gcomhlíonfaidh longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain rialacha, rialacháin agus caighdeáin idirnáisiúnta a bhaineann leis na Coinbhinsiúin. Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas:
 - (a) (scriosta);
 - (b) a áirithiú go ndearnadh suirbhéireacht ar longa atá i dteideal a mbratach a chur ar foluain i gcomhréir leis na treoirlínte suirbhé faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe (HSSC) agus i gcomhréir lena iarscríbhinní a mhéid a mheastar is gá;
 - (ba) a áirithiú go bhféadfaidh suirbhéir atá fostaithe ag eagraíocht aitheanta na cúraimí céanna a dhéanamh a bheadh ar shuirbhéirí Stáit brataí nuair a údaraíonn údarás inniúil an Bhallstáit é sin; agus
 - (c) cigireachtaí Stáit brataí chun bail iarbhír na loinge a fhíorú i gcomhréir leis na deimhnithe a iompraítear orthu; féadfar na cigireachtaí sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as cur chuige rioscabhunaithe, ar a bhféadfaí na critéir seo a leanas a áireamh:
 - (i) taifid ar easnaimh agus neamh-chomhréireachtaí ó shuirbhéanna reachtúla, iniúchtaí agus fíoruithe arna ndéanamh ag an Stát brataí;
 - (ii) tuairiscí ar thionóiscí an-tromchúiseacha;
 - (iii) longa atá faoi choinneáil nó ar eisigh údarás rialaithe Stát an chalafoirt fógra um thoirmeasc oibríochta ina leith;

(iv) longa a sháraíonn cóimheas easnaimh rialaithe Stát an chalafoirt arna bhunú ag gach Ballstát;

(v) taifid ar easnaimh ó chigireachtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta de réir mar a mheasann gach Ballstát a bheith iomchuí.

Féadfaidh na Ballstáit imeacht ón gcur chuige rioscabhunaithe agus cigireachtaí a dhéanamh ar an Stát brataí trí úsáid a bhaint as a nósanna imeachta, teoracha agus faisnéis ábhartha féin i gcomhréir le Cód III.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gceartófar aon easnaimh a dhearbhaítear nó a nochtar trí chigireacht arna déanamh i gcomhréir le pointe (c) de mhír 2 laistigh de thréimhse ama iomchuí, arna chinneadh ag an Stát brataí.

4. I ndiaidh aon chigireacht ar Stát brataí a chríochnú, déanfaidh an cigire brataí tuarascáil a tharraingt suas maidir le toradh an chúraim sin.

Airteagal 4b

Ceanglais maidir le sábháilteacht agus truailliú a chosc

1. Áiritheoidh gach Ballstát[...] go mbeidh a riarachán ag brath ar acmhainní iomchuí, bíodh a n-acmhainní dílse nó acmhainní tarmligthe i gceist leis sin, de réir mhéid agus chineál a chabhlaigh agus maidir le cur chun feidhme na bpróiseas, na nósanna imeachta agus na n-acmhainní riaracháin is gá, go háirithe, chun na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 4a agus i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo a chomhlíonadh.

2. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfar maoirseacht ar ghníomhaíochtaí shuirbhéirí Stáit brataí, chigirí stáit brataí agus pearsanra eile a chuidíonn le suirbhéanna a dhéanamh, agus ar eagraíochtaí aitheanta.

3. Déanfaidh gach Ballstát athbhreithniú dearaidh agus cumas cinnteoireachta teicniúla a fhorbairt nó a choinneáil ar bun, bíodh sin as a stuaim féin nó ar bhonn tarmligthe, i gcomhréir le méid agus cineál a chabhlaigh.

4. (scriosta)

Airteagal 4c

Oiliúint agus forbairt acmhainneachta

1. An pearsanra atá freagrach as suirbhéanna, cigireachtaí, iniúchtaí agus fíoruithe ar longa agus ar chuideachtaí nó a dhéanann iad, cuirfear oiliúint orthu atá ábhartha maidir leis na gníomhaíochtaí sonracha a dhéantar.

2. Féadfaidh na Ballstáit scéim fothaithe acmhainneachta a fhorbairt dá gcigirí agus dá suirbhéirí Stáit brataí agus í a choimeád cothrom le dáta, agus oibleagáidí nua nó oibleagáidí breise a eascraíonn as na Coinbhinsiúin agus as na hionstraimí dá dtagraítear i gCód III á gcur san áireamh.?’;

(4) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) uimhrítear an t-aon mhír amháin mar mhír 1.

(b) cuirtear an mhír 2 seo a leanas isteach:

2. Déanfaidh na Ballstáit clár rialaithe agus faireacháin iomchuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun freagairt thráthúil a thabhairt ar na cásanna dá dtagraítear i mír 1.’;

- (5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'Airteagal 6

Faisnéis leictreonach agus malartú leictreonach

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfead an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad maidir le longa a bhfuil a mbratach ar foluain orthu ar fáil i bhformáid leictreonach:
 - (a) sonraí na loinge (ainm, uimhir IMO, etc.);
 - (b) dáta bailíochta deimhnithe reachtúla (iomlán nó eatramhach);
 - (c) sainathint na n-eagraíochtaí aitheanta a bhfuil baint acu le deimhniú na loinge;
 - (d) (scriosta);
 - (e) (scriosta);
 - (f) sainathint long a scoir de bhratach an Bhallstáit lena mbaineann a bheith ar foluain acu le linn an 12 mhí roimhe sin;
 - (g) (scriosta).
2. (scriosta);

(6) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 6a

Bunachar sonraí faisnéise loinge

1. Déanfaidh an Coimisiún bunachar sonraí faisnéise loinge a fhorbairt, a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6 agus ina gcuirfear seirbhísí ar fáil do na Ballstáit maidir le deimhnithe leictreonacha a eisiúint agus a rialú. Féadfaidh na Ballstáit uile nascadh leis an mbunachar sonraí sin. Is ar an mbunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 24 de Threoir 2009/16/CE a fhéadfar an bunachar sonraí sin a bhunú agus féadfar feidhmiúlachtaí a bheith aige atá comhchosúil le feidhmiúlachtaí an bhunachair sonraí úd.

2. Gan dochar do cheanglais náisiúnta maidir le cosaint sonraí, déanfaidh na Ballstáit a roghnaíonn bunachar sonraí faisnéise loinge a úsáid an méid a leanas:

- (a) an fhaisnéis atá in Airteagal 6 a chur in iúl; agus
- (b) faisnéis a bhaineann le cigireachtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo, lena n-áirítear faisnéis maidir le heasnaimh agus deimhnithe, a aistriú chuig an mbunachar sonraí faisnéise loinge; agus
- (c) féadfaidh siad an bunachar sonraí sin a úsáid chun deimhnithe leictreonacha dá longa a eisiúint, a shíniú, a fhorhhuiniú, a shíneadh agus a tharraingt siar,

a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis comhoiriúnach agus idir-inoibritheach.

2a. Féadfaidh na Ballstáit a mbunachair sonraí féin a úsáid chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6 a bhailiú. Cuirfear an fhaisnéis sin in iúl don Choimisiún uair sa bhliain ar a laghad. Déanfaidh an Coimisiún na sonraí a chomhtháthú sa bhunachar sonraí faisnéise loinge.

3. Áiritheoidh an Coimisiún leis an mbunachar sonraí faisnéise loinge go gcuirfear ar chumas daoine sonraí ábhartha maidir le cur chun feidhme na Treorach seo a aisghabháil ar bhonn na sonraí cigireachta a sholáthraíonn na Ballstáit.

4. Beidh rochtain ag na Ballstáit a roghnaigh úsáid a bhaint as an mbunachar sonraí ar an bhfaisnéis uile arna taifeadadh sa bhunachar sonraí faisnéise loinge dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus ar chóras cigireachta dá bhforáiltear i dTreoir 2009/16/CE. Ní choiscfear cosc le haon ní sa Treoir seo an fhaisnéis sin a roinnt idir na húdaráis inniúla ábhartha laistigh de na Ballstáit agus idir na Ballstáit, leis an gCoimisiún nó leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵.

5. Áiritheoidh na Ballstáit a roghnaigh úsáid a bhaint as an mbunachar sonraí go ndéanfar bailíocht na ndeimhnithe reachtúla dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 6(1) mír b a tharchur go leictreonach chuig an mbunachar sonraí faisnéise loinge dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ag baint úsáid as na sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla le haghaidh comhéadan comhchuibhithe tuairiscithe leictreonaigh dá bhforáiltear in Airteagal 24a de Threoir 2009/16/CE.

5a. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun feidhmiú agus acmhainneachtaí an bhunachair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 6a(2)(a) a shainiú. Na Ballstáit a chuireann sonraí in iúl i gcomhréir le mír 2a den Airteagal seo, beidh rochtain acu ar fhaisnéis an bhunachair sonraí arna cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 6a(2)(a), faoi na coinníollacha a shainítear sna gníomhartha cur chun feidhme sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10(2).’;

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 1).

- (7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

‘Airteagal 7

Faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh ag na Ballstáit agus ar a bhfeidhmíocht

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun go ndéanfar iniúchadh IMO ar a riarachán de réir an timthrialla a glacadh in IMO.

2. (scriosta)

3. Chun cur chun feidhme éifeachtach na Treorach seo a áirithiú agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú foriomlán dhualgais dhlíthiúla an Stáit brataí de bhun na Treorach seo, baileoidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá agus cuairteanna á dtabhairt aige ar na Ballstáit.’;

- (8) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘Déanfaidh gach Ballstát córas bainistithe cáilíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil lena gcumhdófar codanna oibríochtúla ghníomhaíochtaí a riaracháin a bhaineann le Stát brataí. Déanfar córas bainistithe cáilíochta mar sin a dheimhniú i gcomhréir leis na caighdeáin cháilíochta idirnáisiúnta is infheidhme mar shampla caighdeáin ISO 9001.

Áireofar sa chóras bainistithe cáilíochta freagrachtaí sainithe, údarás agus idirchaidreamh an phearsanra a dhéanann suirbhéanna, cigireachtaí, iniúchtaí agus fíoruithe agus pearsanra an Stáit brataí a bhainistíonn, a dhéanann agus a fhíoraíonn obair a bhaineann le hoibleagáidí an Stáit brataí faoi na Coinbhinsiúin agus a dhéanann dífeall dóibh. Déanfar na freagrachtaí sin a dhoiciméadú, agus sonrú cineál agus raon na hoibre cigireachta a fhéadfaidh cigirí stáit brataí nach bhfuil fostaithe go heisiach a dhéanamh freisin, agus conas a dhéanfaidh an pearsanra sin cumarsáid agus tuairisciú. Léireofar sa chóras bainistithe cáilíochta na cúraimí is féidir le pearsanra eile, a bheidh ag cuidiú le suirbhéanna a dhéanamh, a chur i gcrích.

Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh oideachas, oiliúint agus maoirseacht ar chigirí an Stáit brataí nach bhfuil fostaithe go heisiach, agus ar phearsanra eile a chuidíonn le suirbhéanna a dhéanamh, a bheidh i gcomhréir leis na cúraimí a bhfuil siad údaraithe a dhéanamh, agus go mbeidh siad in ann treoracha, nósanna imeachta agus critéir an Stáit brataí a chur i bhfeidhm.

Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun coinbhleachtaí leasa an phearsanra uile a dhéanann suirbhé, fíorú nó cigireacht agus maidir le neamhspleáchas i ndáil leis an obair atá le déanamh a chosc.

Trí bliana tar éis dháta thrasúí na Treorach seo, cumhdóidh an córas bainistithe cáilíochta na gnéithe a bhaineann leis an Airteagal seo.

(a2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

Na Ballstáit atá ar an liosta ísealfheidhmíochta mar a fhoilsítear sa tuarascáil bhliantúil is déanaí de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt ('Meabhrán Comhthuisceana Pháras' anseo feasta), cuirfidh siad tuarascáil ar fáil don Choimisiún maidir lena bhfeidhmíocht Stáit brataí tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis fhoilsiú tuarascáil Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.

Sainaitheofar agus déanfar anailís sa tuarascáil ar na príomhchúiseanna a bhí leis an gcoinneáil agus ar na heasnaimh a raibh stádas ísealfheidhmíochta mar thoradh orthu.';

(b) (scriosta)

(9) Scriostar Airteagal 9.

- (10) (scriosta)
- (11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

'Airteagal 10

An nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002, cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.?

(12) (scriosta)

(13) (scriosta)

(13a) In Airteagal 11, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

- ‘3. De mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 1, na Ballstáit nach bhfuil longa acu a bhfuil a mbratach ar foluain orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, féadfaidh siad maolú ón oibleagáid an Treoir seo a thrasú agus a chur chun feidhme fad a chomhlíonfar an coinníoll thuasluaite. Aon Bhallstát a bhfuil sé ar intinn aige leas a bhaint as an maolú sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoin [dáta an trasuite]. Maidir le haon athrú eile a dhéanfar ina dhiaidh sin, cuirfear in iúl don Choimisiún é freisin.

Ní fhéadfaidh na Ballstáit sin a cheadú do longa a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a mbratach a chur ar foluain ná na longa sin a chlárú ina gclárann náisiúnta go dtí go mbeidh an Treoir seo trasuite agus curtha chun feidhme acu.’

(14) (scriosta)

Airteagal 2

Trasuí

Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin...

[*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach dáta: 4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo*] na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar na tagairtí sin.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh ...,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán